
# Scéal, Scéal, Scéal…

16 Bealtaine 2024

Eagrán 196

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.



An *Aurora Borealis* ón Tulach Bhuí ar an gCoilleach sa Spidéal.
Johanna Ní Mháille a thóg an grianghraf.

# BÁNÚ AGUS IARRATHÓIRÍ TOGHCHÁIN

Thug an eagraíocht BÁNÚ cuireadh do na hiarrthóirí atá ag seasamh sna toghcháin áitiúla i gConamara Theas agus i gConamara Thuaidh freastal ar chruinniú ar an gCeathrú Rua, ar an Luan 27 Bealtaine le ceist na tithíochta a phlé go hoscailte agus a gcuid tuairimí a chur i láthair an phobail maidir le soláthar tithíochta sa nGaeltacht. Cuireadh an eagraíocht BÁNÚ ar bun sé mhí ó shin agus tá an coiste i mbun stocaireachta ó shin ag iarraidh ar na húdaráis éagsúla dul i ngleic leis an bhfadhb tithíochta i nGaeltacht Chonamara. Dúirt urlabhraí ó BÁNÚ gurb iad na polasaithe tithíochta agus na polasaithe pleanála atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe is cúis le cuid den fhadhb tithíochta sa nGaeltacht, fadhb atá ag brú daoine óga amach as an gceantar agus ag cur a bhfuil i ndán don phobal amach anseo i mbaol.

Sa gCrompán ar an gCeathrú Rua a bheas an cruinniú ar bun.

’Sí Norita Ní Chartúir ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a bheas i mbun áisitheoireachta ar an ócáid. Tá fáilte roimh chách.

# DEISEANNA IÓGA

Bíonn ranganna ióga Vinyasa as Gaeilge á reáchtáil ag Caoilfhionn de Bhaldraithe chuile Déardaoin i Súil Eile Space i mBearna ó 6.30 go 7.45 i.n. Tá lascaine ar fáil do na ranganna seo a bhuíochas do Ghaeilge ABC. Cuirtear fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge! Is féidir bualadh isteach nó bloc ranganna a chur in áirithe.

Beidh rang 50 nóiméad *Vinyasa Flow* a reáchtáil ag Caoilfhionn ar Thrá na Céibhe nua sa Spidéal ar an Domhnach 26 Bealtaine ag 9.00 r.n. agus beidh seisiún sóisialta sa sabhna, atá ag Driftwood Sauna ar an gCéibh nua, ar bun ina dhiaidh!

Tús maith leis an lá – cláraigh anois!

# MNÁ CHOIS FHARRAIGE ABÚ!

Beidh foireann ban Chois Fharraige ag dul chuig an gcomórtas náisiúnta i Rannóg na Sóisear i gComórtas Peile na Gaeltachta a bheas ar bun i gCill na Martra an chéad dheireadh seachtaine de mhí an Mheithimh. Bhí cluiche crua iomaíoch acu i gCarna ar dheireadh seachtaine na Bealtaine in aghaidh foireann Ghráinne Mhaoil as ceantar Rinn a' Mhaoile lena n-áit sa gcomórtas a chinntiú.



Chuir sé an-ríméad ar Thadhg Mór Ó Curraoin corn nua a chuir Cumann Micheál Breathnach ar fáil don chomórtas i mbliana, Corn Timín Joe Tim, a bhronnadh ar an bhfoireann atá á bainistiú aige féin i mbliana (Tadhg agus Síofra Ní Mhárta, thuas). Is mac é Tadhg Mór le Timín Joe Tim Ó Curraidhín ón gCnocán Glas; fear a rinne saothar mór lena linn féin le cúrsaí spóirt, staire, drámaíochta agus pobail a chur chun cinn.

# AN FÓRAM AG EARCÚ

Tá dhá phost mar Oifigigh Pleanála Teanga le líonadh in oifigí Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga faoi láthair. Tá an Fóram sa tóir ar bheirt atá fuinniúil, spreagúil, agus cruthaitheach le tacú le Plean Teanga Chois Fharraige a chur i bhfeidhm.




Postanna ilghnéitheacha iad seo, ina mbeidh na daoine a cheapfar ag obair le raon leathan daoine, eagrais agus gnólachtaí ar thionscadail éagsúla le húsáid agus stádas na Gaeilge i gCois Fharraige a threisiú agus a bhuanú. Beidh siad lonnaithe in oifigí an Fhóraim i sráidbhaile an Spidéil, agus ag obair as lámh a chéile ar fud cheantar Chois Fharraige, ó Ros an Mhil go dtí Na Forbacha. Conarthaí dhá bhliain, ar féidir cur leo, atá i gceist. Tuarastal idir €36,450 agus €51,750 a íocfar, ag braith ar thaithí, agus beidh deis ann a bheith rannpháirteach i Scéim Pinsin freisin. Dá mba mhian leat tuilleadh eolais a fháil faoi aon ghné de na postanna seo nó comhrá neamhfhoirmiúil a dhéanamh fúthu, glaoigh ar Mháire ag 086 273 2279 nó seol teachtaireacht chuig ptchoisfharraige@gmail.com. Seol litir iarratais mar aon le CV chuig ptchoisfharraige@gmail.com nó chuig An Cathaoirleach, Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR, Inis Fáil, an Phríomhshráid, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

**Dé Luain 27 Bealtaine ag 5.00 i.n an spriocdháta d'iarratais.**

# MAITH Í DAMHNAIT



Bronntar Bonn Mhichíl Uí Eidhin, i gcuimhne ar an gceoltóir agus oideachasóir Micheál Ó hEidhin, ag comhdháil bhliantúil Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Fear ab ea Mícheál, a raibh cónaí air ar an mBaile Ard sa Spidéal, a d'fhág a rian ar chúrsaí ceoil, amhránaíochta agus damhsa i gceantar Chois Fharrraige, ba dhuine de bhunaitheoirí an Ghaelacadaimh é agus ba é a bhíodh i mbun na n-aeraíochtaí breátha ag Rásaí Ceoil agus Currachaí an Spidéil sna seachtóidí go háirid. Ba é Micheál a leag amach an scrúdú a reáchtáileann Comhaltas le deis a thabhairt do cheoltóirí a gcuid scileanna sa gceol idir phraitic agus theoiric a fhorbairt. Bronntar an bonn, ceann a dhear Méadhbh, iníon Mhichíl, ar an dream a bhaineann ardmharc amach sa measúnú deiridh.

Bhí Damhnait Ní Fhátharta (thuas, i dteannta Mháire Uí Eidhin, bean Mhichíl) as Cois Fharraige ar dhuine den dream ar bronnadh an gradam ar leith seo orthu i mbliana ag searmanas i Sligeach. Casann Damhnait an chláirseach agus ba í a múinteoir iontach, Gráinne Hambly, a réitigh don scrúdú í.

**Comhghairdeachas le Damhnait!**

# CAMCHUAIRT COSANTA TEANGA

Tá Camchuairt Cosanta Teanga, sraith cruinnithe poiblí, á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge sna seachtainí seo romhainn maidir leis na toghcháin áitiúla agus Eorpacha i gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaeltachta de, fén bPlean Fáis / struchtúr maoinithe Fhoras na Gaeilge sa todhchaí, agus tithíocht sa nGaeltacht.




Beidh cruinniú Chonamara á reáchtáil ar an Aoine 17 Bealtaine ag 12 meánlae i Seanscoil Sailearna.

# RÍONA NA nÉAN

Tá ceiliúr na n-éan le cloisteáil go soiléir, ard, rialta na laethanta seo. Is cinnte go gcuirfidh sibh spéis i mír bhreá a bhí ar Iris Aniar ar RTÉ RnaG le gairid.

Chuaigh Marcas Mac Conghail ar cuairt ar Ríona Ní Aodha, scoláire meánscoile a bhfuil an-eolas aici ar an dúlra agus ar éanacha go háirid. Threoraigh Riona Marcas agus an héisteoirí le hidirdhealú a dhéanamh idir na héanacha éagsúla atá le cloisteáil timpeall a tí féin.

B’fhiú go mór éisteacht leo!

# COIS FHARRAIGE GO COP28

**Cuireadh tús le comhthionscadal idir An Fóram, Ollscoil na Gaillimhe agus daltaí ó Choláiste Chroí Mhuire agus Coláiste Cholmcille le linn Fhéile Chois Fharraige sa bhFómhar seo caite ag díriú ar chúrsaí éiceolaíochta agus athrú aeráide.**




**Dá thoradh, scríobh na daltaí litir oscailte chuig an Domhan agus réitíodh físeán le cur leis. Cuireadh an t-ábhar i láthair ag COP 28 i nDubai faoi Shamhain.**

**Cuireadh an tionscadal isteach ar chomórtas oscailte do ghradaim náisiúnta do Chomhshaolaithe Óga a eagraíonn ECO-UNESCO le daoine óga a chumasú i leith na timpeallachta agus na hinmharthanachta.**

**Tugadh gradam ARDMHOLADH don tionscadal ar an Mháirt ag an gcur i láthair náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Treise leo!**

# AN CAMINO

Tá camino cheoil Mholscéil faoi lán-tseoil agus Santiago de Compostela bainte amach ag an mbuíon ógánach faoi stiúir Dhonncha Mhic an Iomaire.
Casadh ceoltóirí agus damhseoirí leo faoi bhealach, chuir siad eolas ar stair na nGael agus scéal truamhéalach Aodha Rua Uí Dhónaill, a bhásaigh in aice le Valladolid agus é ar thóir cabhrach o Rí Filipe III na Spáinne, agus is iomaí port agus amhrán a cluineadh!



Frankie Mac Aodha

Tá taifid sna físeáin bhreátha ar leathanach Facebook Mholscéil ar chuid de na scéalta.
Ach ní hé Frankie an t-aon duine amháin as Cois Fharraige a thug aghaidh ar an taobh tíre sin le tamall anuas. Thug Maitiú Ó Coimín atá ag cur faoi in Indreabhán faoin gconair freisin. 1,038km a chuir sé de in imeacht cúig lá dhéag.
*“Ba é an turas seo an dúshlán fisiciúil is deacra a rinne mé riamh gan aon agó”* a dúirt sé in alt breá i dTuairisc. Rinne sé “conair” cheana, ceann de shiúl na gcos, ar rothar a bhí sé an babhta seo. *“Tá mo shúil anois ar an marcaíocht agus an tseoltóireacht. Nár bhreá húicéir a sheoladh as Conamara go dtí an Ghailís?”*

Aon mhisneach agaibhse?

# SIÚLÓID SCIATHÁIN LEATHAIR

Beidh ócáid an-spéisiúil ar bun sa Spidéal ar an Déardaoin 23 Bealtaine mar chuid de Sheachtain na Bithéagsúlachta 2024. Tá Coiste Bhaile Slachtmhar an Spidéil ag eagrú Siúlóid Sciatháin Leathair faoi stiúir Chaitríona Carlin i gcomhar le Grúpa Sciatháin Leathair na Gaillimhe. Ag an tSeanchéibh a thiocfaidh an slua le chéile agus cuirfear daoine ar an eolas faoin gcineál sciatháin leathair atá i gceantar an




Spidéil, beidh deis ann éisteacht lena gcuid glaochanna le cabhair bhrathadóirí ar leith agus seans go bhfaighfear amharc ar na créatúir seo agus iad i mbun eitilte.

Bíodh éadaí teo, bróga feiliúnacha agus seaicéad *Hi-Viz* ort agus tabhair lóchrann nó tóirse leat. Tá fáilte roimh ghasúir ach caithfidh duine fásta a bheith in éindí leo. Ócáid shaor in aisce atá ann.

Cuir an 23 Bealtaine @ 9.30 ag an tSeanchéibh sa dialann anois!

# TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

# ~~ FOLÚNTAIS~~

Tuismitheoirí na Gaeltachta

## <u>Folúntais:</u>

### Oifigeach Forbartha i gCo. na Gaillimhe/na Mí x 4

Tá 4 phost mar Oifigeach Forbartha á dtairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta i nGaeltacht na Gaillimhe agus na Mí.

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnamh agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.

Beidh suas le trí Limistéar Pleanála Teanga faoi chúram na nOifigeach Forbartha seo agus beidh siad freagrach as seirbhísí, imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna Thuismitheoirí na Gaeltachta a eagrú agus a fhorbairt sna ceantair sin.

D'fhéadfadh na daoine a cheapfar a bheith lonnaithe in oifig na heagraíochta ar an gCeathrú Rua nó i suíomhanna oibre lárnacha eile, atá le roghnú go fóill, sna ceantair ina mbeidh siad ag feidhmiú.

Tá tuarastal an Oifigigh Forbartha bunaithe ar scála pá d'Oifigeach Feidhmiúcháin sa tSeirbhís Phoiblí (€34,562 – €56,969).

Tá tuilleadh eolais faoi na poist seo, na ceantair a mbeidh daoine ag obair iontu agus conas iarratas a dhéanamh ag www.tuismitheoiri.ie

Dáta deireanach d'iarratais: **1.00in Dé hAoine 28 Meitheamh 2024**

Tá sé i gceist ag TnaG liosta ionadaithe a bhunú mar chuid den phróiseas earcaíochta seo, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntais sa réimse seo amach anseo.

Is fostóir comhdheiseanna é Tuismitheoirí na Gaeltachta.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

S20 AN PRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA
Ár dTeanga, Ár bPobal, Ár nGaeltacht

Údarás na Gaeltachta

# TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

# ~~ CUIDEACHTA ~~




**Is scéim de chuid Thuismitheoirí na Gaeltachta é an clár 'Cuideachta' do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Comhoibriú idir Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Pleanálaithe Teanga atá i gceist le grúpaí teaghlaigh a thabairt le chéile go háitiúil agus ócáidí taitneamhacha, spraíúla a chur ar fáil ar bhonn rialta. Tá an-ríméad ar Thuismitheoirí na Gaeltachta a fhógairt go mbeidh an clár Cuideachta á chur ar fáil i gCois Fharraige. Tá líon na spásanna teoranta, mar sin moltar clárú go luath! Tuilleadh eolais: meadhbh@tuismitheoiri.ie nó 091 869 571.**